Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Samhain 2019**
**(OR. en)**

**14069/19**

**EF 328**
**ECOFIN 994**
**FIN 735**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Tástálacha struis uile-Aontais do bhainc: faisnéis as cuimse á cur ar fáil ar bhainc ach is gá tuilleadh comhordaithe agus níos mó fócais ar rioscaí"<br>- Conclúidí ón gComhairle (8 Samhain 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Tástálacha struis uile-Aontais do bhainc: faisnéis as cuimse á cur ar fáil ar bhainc ach is gá tuilleadh comhordaithe agus níos mó fócais ar rioscaí" mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3725ú cruinniú a bhí aici ar an 8 Samhain 2019.

**IARSCRÍBHINN**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH di Tuarascáil Speisialta Uimh. 10/2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Tástálacha struis uile-Aontais do bhainc: faisnéis as cuimse á cur ar fáil ar bhainc ach is gá tuilleadh comhordaithe agus níos mó fócais ar rioscaí".

2. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá na tástálacha struis uile-Aontais do bhainc mar uirlis mhaoirseachta chun an chobhsaíocht airgeadais a chosaint agus chun an trédhearcacht a fheabhsú.

3. AITHNÍONN SÍ an obair shuntasach atá déanta ag ÚBE, BERS agus na húdaráis inniúla mhaoirseachta agus mhacrastuamachta d'fhonn tástáil struis uile-Aontais iomchuí a éascú.

4. TUGANN SÍ DÁ hAIRE freagraí ÚBE agus an Choimisiúin ar thorthaí na Cúirte Iniúchóirí sa Tuarascáil Speisialta, mar aon leis an dea-chomhar a tharla idir ÚBE, an Coimisiún, BERS, an Chúirt Iniúchóirí agus na húdaráis inniúla mhaoirseachta agus mhacrastuamachta.

5. CUIREANN SÍ i dTREIS a thábhachtaí atá sé tástáil struis uile-Aontais a dhéanamh lena dtabharfaí aghaidh ar na dúshláin a leagtar amach sa Tuarascáil Speisialta ón gCúirt Iniúchóirí, go háirithe maidir le peirspictíocht iomchuí Eorpach a bhunú. Áirítear leis sin, *inter alia*, sainmhínithe iomchuí ar rioscaí, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as earnáil baincéireachta an Aontais í féin, agus cumhdach na rioscaí sin faoi seach sna cásanna struis.

6. CUIREANN SÍ i dTREIS gur cheart roghnú na mbanc a bheith bunaithe freisin ar a n-ábharthacht shistéamach agus a bpróifíl riosca agus go n-áiritheofaí cumhdach iomchuí geografach. Thairis sin, ba cheart íosleibhéal struis a áirithiú do na Ballstáit go léir agus don Aontas ina iomláine. Ba cheart, dá bhrí sin, líon na mbanc atá faoi réir na tástála a leathnú ar bhealach leordhóthanach.

7. CUIREANN SÍ i dTREIS freisin gur cheart leibhéal sásúil rialaithe ar an bpróiseas a bheith á fheidhmiú ag ÚBE, trí roghanna modheolaíochta a ailíniú leis na hacmhainní a leithdháilfear don chleachtadh. Ba cheart go ndéanfaí torthaí na tástála struis a chur in iúl ar bhealach intuigthe comhordaithe ar fud an Aontais, agus go n-áiritheofaí go dtabharfaí na príomhshonraí agus an phríomhfhaisnéis do rannpháirtithe sa mhargadh agus don phobal i gcoitinne.

8. CUIREANN SÍ i bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí na caighdeáin is airde a áirithiú ó thaobh chruinneas, éifeachtacht agus thrédhearcacht na tástála struis uile-Aontais agus IS DÍOL SÁSAIMH DI, maidir leis an méid sin, freagairt ÚBE ar na moltaí agus go bhfuil sé beartaithe aige iad a chur san áireamh sa phlé atá á dhéanamh aige faoi láthair maidir le hathruithe fadtéarmacha a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an tástáil struis uile-Aontais.